Gaelscoil Naomh Pádraig
Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com

Dáta/*Date*: 25/02/21

**<u>TAG: Athoscailt - Gaelscoil Naomh Pádraig</u>**

A thuismitheoir/chaomhnóir,

Tá súil againn go bhfuil cúrsaí go maith leat agus le do chlannsa. Mar is eol duit, tá GSNP dúnta ó thús Mí Eanáir 2021 de bharr COVID-19. Chuige sin, táimid ag súil an scoil a oscailt go sábháilte arís go luath, i gcomhar leis na treoirlínte agus moltaí a tháinig ón Rialtas agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Ag an staid seo, is na bunranganna amháin (N1 - R2) a bheidh ag filleadh Dé Luain seo chugainn ar an 1 Márta 2021.

Beidh comhoibriú de dhíth ó gach ball den gcomhphobal scoile - Bord Bainistíochta, foireann bainistíochta, foireann na scoile, tuismitheoirí agus daltaí araon. Iarrfar ar gach duine a gcuid a dhéanamh chun an scoil a oscailt go sábháilte agus iarracht srian a chur ar scaipeadh an víreas COVID-19. Le cúnamh Dé, beimid in ann filleadh chuig an teagaisc agus foghlaim duine-ar-dhuine le páistí N1 - R2 ón Luan seo chugainn ar aghaidh. Leanfaidh daltaí R3 - R6 ar aghaidh mar atá faoi láthair. 'Sé an spriocdáta atá aontaithe ag na comhpháirtithe oideachais do na daltaí ó R3 - R6 chun filleadh go fisiciúil ar scoil ná Dé Luain 15 Márta 2021.

Le roinnt laethanta anuas, táimid ag obair ar phlean ag iarraidh an scoil a athoscailt go sábháilte. Bunaithe ar threoir ón HPSC, is féidir liom a dheimhniú nach mbeidh aon athrú ar bhearta rialaithe um ionfhabhtú a chosc i gcomhthéacs na nathraitheacha ar ghalar COVID-19. Tá an 'Plean Freagartha' an-chosúil leis an bplean i Mí Meán Fómhair. Beidh roinnt mion athraithe le cur isteach (táimid ag obair ar seo go fóill).

**Na príomh moltaí atá againn le leanúint ag an bpointe seo ná:**

- Deimhnigh go líonann tú isteach an **'fhoirm um fhilleadh ar an Scoil'** sula dtagann do pháiste isteach ar suíomh na scoile (nasc ar fáil ar chuntas do pháiste ar SeeSaw)
- Ná bí ag crochadh thart i ngrúpaí taobh amuigh de gheataí na scoile ag aon am i láthair na huaire
- Má theastaíonn uait labhairt le ball den bhfoireann, beidh ort teagmháil a dhéanamh tríd oifig na scoile, am a shocrú agus cumarsáid a dhéanamh ar an bhfón nó ar líne
- Cuirfear nascanna d'fhíseáin ar fáil do thuismitheoirí le moltaí ar conas scaipeadh an víreas a chosc (ag teacht go luath)
- Moltaí ginearálta agus sonrach do dhaltaí, foireann na scoile, tuistí agus cuairteoirí a leanúint ar na bealaí go ndéanfar iarracht scaipeadh an víreas a chosc

# Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath

Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com


**Eolas Ginearálta agus sinn ag Filleadh:**

Táimid an aireach go bhfuil réimse de dheacrachtaí agus dúshláin ag baint leis an suíomh ina bhfuilimid ó Mí Eanáir ar aghaidh. Tá sé seo tar éis a bheith ana dheacair ar chách: páistí agus tuismitheoirí araon! Ar bhealach, beidh ar na páistí dul i dtaithí ar an lá scoile a chur síos arís agus na nósanna ar fad a thagann le sin. Beidh orthu dul i dtaithí ar a bheith lonnaithe i seomra ranga i measc grúpa mór arís agus ag tabhairt faoi theagaisc agus foghlaim thar thréimhse ama atá i bhfad níos faide ná mar a bhí ó Mí Nollaig seo caite. Caithfear a thógáil san áireamh go mbeidh go leor cásanna ina mbeidh siblíní áirithe ar scoil agus siblíní eile ón gclann céanna ag leanúint ar aghaidh leis an dteagaisc & foghlaim ón mbaile. Beidh sé seo dúshlánach ar thuismitheoirí chomh maith le linn an tréimhse seo go dtí go bhfilleann gach éinne. Mar sin, tá cinneadh déanta iarracht freastal ar na páistí agus deis a thabhairt dóibh socrú isteach ar an lá scoile arís. Chuige seo, ní bheidh aon obair bhaile scríofa á dtabhairt don chéad coicís. Is léitheoireacht agus táblaí amháin a bheidh á dtabhairt mar obair bhaile. D'fhéadfadh eisceacht a bheith ann anois is arís ach más é seo an scéal; déanfaidh an múinteoir ranga é seo a shoiléiriú tríd teachtaireacht a sheoladh chugat ar SeeSaw. Leanfaimíd an próiséas céanna leis na hArdranganna nuair a fhilleann siad chomh maith.

**Ag teacht isteach agus ag Imeacht ó suíomh na scoile:**

- Beimid ag leanúint an clár-ama céanna ó thaobh am oscailte agus am dul abhaile díreach mar a bhí roimh na Nollag
- Beidh daltaí ag teacht isteach agus ag siúl amach tríd na geataí céanna díreach mar a bhí roimh na Nollag
- Nuair is gá: siúlfaidh cuairteoir nó tuismitheoir isteach tríd an gheata siúlóide ag príomh gheata na scoile más gá dalta a bhailiú i rith uaireanta a chloig scoile. Siúlfaidh an cuairteoir/ tuismitheoir go dtí oifig na scoile mar is gnáth.

Táimid ag tnúth go mór fáilte a chur roimh na páistí ó na bunranganna nuair a fhilleann siad ar scoil! Táimid an aireach faoi daltaí na n-ardranganna ag an am seo. Iarraim ort do dhícheall a dhéanamh iad a choimeád ag dul i ngleic leis an dteagaisc agus foghlaim ar SeeSaw agus a chur i gcuimhne dóibh go mbeidh siad ag filleadh sar i bhfad! Déanfaimid gach iarracht a dheimhniú gur eispéaras taitneamhach agus sábháilte a bheidh acu nuair a fhilleann siad! Tabhair aire,

*Le meas,*





*Brian Ó Fiaich (Cathaoirleach)*

*Liam Breathnach (Príomhoide)*

Gaelscoil Naomh Pádraig

Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com

**RE: Re-opening of Gaelscoil Naomh Pádraig**

*Dear parent/guardian,*

*I hope you and your families are keeping well.*
*As you are aware our school has now been closed since the beginning of January 2021 due to the COVID-19 situation. We are hoping to commence with a phased re-opening of our school in as safe a manner as possible next Monday morning on the 1/3/21, in line with current guidance and recommendations.*
*Re-opening the school safely will require the co-operation of all members of our school community - BoM, School leadership, staff, parents and pupils. We will all be called on to play our part in ensuring that the re-opening of our school is done in a safe manner which prevents the spread of the virus and which allows the vital work of face to face Teaching and Learning to resume for Junior Infants - 2nd Class and Remote Teaching and Learning to continue for 3rd to 6th Classes until the senior classes are permitted to return.*
*As you may well be aware, Monday the 15th of March has been agreed by the education stakeholders as a target date for the full re-opening of primary schools which means that all classes will be able to return to school should all go according to plan!*
*We have been working on our plan for the safe re-opening of our school in recent days. Based on HPSC guidance, I can confirm that no changes are required in the infection prevention and control measures in the context of new variants. The main emphasis of the response plan remains the same. There are minor adjustments recommended by the DES which we are prepared for upon the childrens' return. An update of our School Response Plan will be available on our school website very soon.*

***The following are the main points I wish to emphasise and ask you to support:***

- *Please ensure that you complete the **'Return to School' Form** for each individual child before your child physically returns to school. The link is available on your child's SeeSaw account (Irish or English version - please opt and complete one or the other)*
- *Please do not congregate outside the school gates at any time during this phase or at any stage*
- *Please respect that staff engagement should be requested through the school and will be provided for by telephone or online.*
- *A link/links to short videos for parents from public health doctors will be circulated to reaffirm the importance of keeping COVID-19 out of the education facilities by keeping symptomatic children at home (coming soon!)*
- *General and specific advice on how all pupils, staff, parents and visitors will prevent the spread of the virus*

***General Information upon the return to school:***

*We are very mindful of the various types of pressure each family may be experiencing and do not want to add to this. In this context, we need to be mindful not to overburden or cause any further*

Gaelscoil Naomh Pádraig

**Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath**

**Uimh Rolla 19940G. Fón: 6241355 Facs: 6241301 www.gsnp.ie oifig.gsnp@gmail.com**

*anxiety. To that end, we have decided to facilitate and try our best to allow the children to ease their way back into the school day routine and all that comes with that. The children will be attempting to socially re-engage with their peers in both small and large group settings, something they have been deprived of for some time. For the initial period (fortnight), we will not be assigning any written homework for the children attending school. It will be enough of a challenge attempting to re-adjust and engage with school work throughout the school day. We also need to be mindful of parents who may have siblings in the older classes who are engaging in home-schooling during the day. The only homework that will be assigned will be reading and maths tables for the first fortnight. The same will apply when the senior classes will return for that period prior to the Easter Holidays.*

***Accessing and Leaving the School:***

- *The same school opening times and 'going home' times apply to all as was prior to the Christmas Holidays.*
- *The same designated 'entry' and 'exit' points are to be used*
- *When absolutely necessary, visitors/parents who need to collect their child during the school day will enter via the main pedestrian entrance and proceed to the school office*

*We are really looking forward to welcoming our children in the junior classes back to school. We are also very mindful and our thoughts are with our students in the senior classes. We ask you to to encourage them to continue to engage with the teaching and learning on SeeSaw and to remain positive knowing the imminent return is not far away. We will endeavour to make the return to school a happy and safe experience for all when the time comes! Take care for now,*

*Yours sincerely,*





*Brian Ó Fiaich (Cathaoirleach)*

*Liam Breathnach (Príomhoide)*